

AISTRIÚ SCOILEANNA Ag bogadh ón mBunscoil go hIarbhunscoil

Treoir do Thuismitheoirí/Caomhnóirí Leanaí
ag a bhfuil Riachtanais Oideachasúla Speisialta

NCSE 2016



Sa doiciméad seo ciallaíonn an focal 'tuismitheoir' tuismitheoir nó caomhnóir an linbh.

Clár

Réamhrá	2
Céimeanna tábhachtacha um aistriú go hiarbhunscoil a phleanáil	3
Céim 1: Roghnaigh iarbhunscoil	4
Céim 2: Clárú	8
Céim 3: Pleanáil i gcomhar leis an scoil	9
Céim 4: Bí ullamh don athrú	14
Eolas breise	18
Eagraíochtaí cabhracha	20

Réamhrá

Caithfidh daoine óga a bheith in ann déileáil le hathrú ar an saol acu féin. Ar na hathruithe úd bíonn an t-aistriú ón mbunscoil go hiarbhunscoil.

Tá sé i gceist sa treoir seo eolas a thabhairt maidir leis an aistriú i gcás scoláirí ag a bhfuil riachtanais oideachasúla speisialta, do thuismitheoirí agus do na scoileanna araon. Tá súil againn an t-imní a bheadh ar scoláirí is thuismitheoirí faoi na cúrsaí seo a laghdú agus samplaí deachleachtais a sholáthar.

Céimeanna tábhachtacha um aistriú go hiarbhunscoil a phleanáil

Baineann céimeanna áirithe le pleanáil don aistriú isteach san iarbhunscoil. Beidh breis eolais agus comhairle ar fáil de réir a chéile sna ranna eile ar ball.

Céim 1: Roghnaigh iarbhunscoil – chomh luath agus is féidir

Céim 2: Clárú

Céim 3: Pleanáil i gcomhar leis an scoil

Céim 4: Bí ullamh don athrú

Céim 1: Roghnaigh iarbhunscoil

Chun go n-éireoidh leis an dtrasnú ní mór ullmhú go luath chuige agus dóthain eolas a bhailiú. Caithfear an tréimhse pleanála a chur san áireamh leis.

I dtús báire, ba mhaith an rud é smaoineamh ar na roghanna iarbhunscóile ar fad atá ar fáil. Mar 'iarbhunscoil' bíonn meánscoil, scoil pobail/chuimsitheach, ETB (Boird Oideachais agus Oiliúna) agus scoileanna Educate Together. Glacann scoileanna speisialta freisin le scoláirí in aois iarbhunscóile.

Ar an mórgóir roghnaíonn tuismitheoirí iarbhunscoil lárshrutha dá mac/iníon. Sna scoileanna úd, tacaíonn na múinteoirí ábhar le scoláirí ag a bhfuil riachtanais oideachasúla speisialta agus bíonn múinteoir um theagasc tacaíochta in ann cúnaimh breise a thabhairt maidir le riachtanais fhoghlama. Féadfaidh gach aon scoil cur isteach ar thacaíocht mar theagasc breise agus/nó SNA má bhíonn gá leo do leanaí faoi mhíchumas. Tá córas iompar scoile ar fáil ag leanaí faoi mhíchumas má bhíonn gá leis chun freastal ar an scoil aitheanta is gaire don bhaile mar a leanas: scoil lárshrutha, rang speisialta/scoil speisialta a bhfuil nó a bhféadfaí teacht uirthi a bheidh oiriúnach do riachtanais oideachasúla speisialta an linbh.

Más féidir in aon chor é ba chóir scoláirí ag a bhfuil riachtanais oideachasúla speisialta a choimeád istigh le scoláirí lárshrutha, chomh fada is a bhíonn an córas úd chun a leasa féin is chun leas iad siúd atá ina dteannta.

Má bhíonn riachtanais chasta i gceist beidh gá le suíomh speisialtachta do scoláirí áirithe, mar shampla rang speisialta i scoil lárshrutha nó scoil speisialta ar leith. Bíonn líon an-bheag scoláirí sna ranganna céanna.

Is sibhse, mar thuismitheoirí, a dhéanann an cinneadh faoin soláthar oideachais atá uaibh don leanbh – lárshruth, rang speisialta nó scoil speisialta – tar éis gach rogha a chur san áireamh agus an cheist a phlé le lucht cuí proifisiúnta.

Féadfar cabhair agus comhairle a lorg ón bpríomh-oide nó múinteoir bunscoile a bhí ag an leanbh agus/nó lucht proifisiúnta eile (m.sh. síceolaí NEPS nó teiripí FSS teanga agus urlabhra nó teiripí ceirde). Is féidir dul i dteagmháil leis an Eagraí áitiúil Riachtanais Oideachasúla Speisialta (SENO) faoi na socrúithe atá ar fáil sa cheantar agus/nó tacaíochtaí oideachais a bheadh ar fáil don leanbh. Seirbhís dhíreach is ea na SENO do thuismitheoirí leanaí ag a bhfuil riachtanais oideachasúla speisialta laistigh de cheantair áirithe ainmnithe.

Tá eolas cuimsitheach do thuismitheoirí maidir le haistriú scoileanna sa leabhrán NCSE "Scoil a Roghnú". Tá sé seo ar fáil ar shuíomh idirlín an NCSE ag: www.ncse.ie/information-booklets-pamphlets-2.

**Tá sé tábhachtach go
smaoineoidh tuismitheoirí ar
gach aon rogha iarbhunscoile
a bhíonn ar fáil don leanbh.**

Is féidir teacht ar thuairim mar gheall ar scoil trí dhul ann ar lá oscailte nó freastal ar ócáidí do thuismitheoirí nó fáiltithe. Féadfaidh an mac/ iníon dul in éineacht leat agus teacht isteach de réir a chéile ar an smaoineamh go bhfuiltear ag aistriú go scoil eile.

Mar thuismitheoirí leanbh ag a bhfuil riachtanais oideachasúla speisialta ba chóir a bheith ag súil leis an méid seo a leanas san iarbhunscoil:

1. Go bhfáilteofar roimh an leanbh
2. Go mbeidh eolas cúí ag na múinteoirí ar riachtanais oideachasúla speisialta
3. Go mbeidh fonn ar mhúinteoirí tuiscint a fháil ar riachtanais ar leith do linbh.

Beart an-úsáideach is ea freastal ar lá oscailte, ócáidí do thuismitheoirí agus fáiltithe a bheadh ar siúl san iarbhunscoil.

Seo roinnt ceistanna a bheadh oiriúnach nó a bhféadfá smaoiniamh orthu don chuairt scoile:

1. An mbeidh áit acu don leanbh?
2. Conas a thacófar leis an leanbh?
3. Mar thuismitheoir, conas is féidir liom cur leis an dtacaíocht scoile?
4. Cen pháirt a bheidh ag an leanbh i ngníomhaíochtaí scoile/ranga le leanaí eile?
5. Beidh cógas leighis ag teastáil i rith an lae ar scoil, conas a shocrófar é sin?
6. Conas a eagrófar cúnamh teicneolaíochta má bhíonn gá leis?
7. Cén sórt teagmháil a dhéanann an scoil le thuismitheoirí?
8. An bhfuil duine faoi leith sa scoil a phléifidh liom i gcás aon deacrachtaí?
9. An mbeidh iompar speisialta scoile ar fáil más gá?

Céim 2: Clárú

Ach an scoil a bheith roghnaithe agat, an chéad rud eile ná cur isteach uirthi. Bíonn rialacha agus cleachtais difriúla ag scoileanna seachas a chéile. Uaireanta bíonn sprioclá deiridh don chlárú. Inseoidh an príomh-oide duit nó beidh an t-eolas ar shuíomh idirlín na scoile.

Bí cinnte go seolfar an t-iarratas roimh sprioclá deiridh na scoile don chlárú. Beidh tréimhse ama ón scoil chun pleanáil chuí a dhéanamh, uaireanta chaithfí tamall lena leithéid, mar shampla má chaitear an foirgneamh scoile a chur in oiriúint, má chaitheann múinteoirí teacht isteach ar scileanna nua nó má bhíonn gá le fearas speisialtacha.

Anois is arís bíonn deacrachtaí ag líon beag tuismitheoirí maidir le leanbh a chlárú san iarbhunscoil. Tharlódh sé seo dá mbeadh breis leanaí ag lorg áit anuas ar an líon áiteanna a bheadh ann sa scoil. Tharlódh sé freisin nach mbeadh áit ar fáil don leanbh i rang nó scoil speisialta.

Féadfar cabhair a lorg má tá a leithéid de dheacracht agat. Tá an tSeirbhís Leasa Oideachasúla ann do gach tuismitheoir. Gheofar na sonraí teagmhála ar shuíomh idirlín Tusla ag: <http://www.tusla.ie/get-in-touch/education-and-welfare/>.

Toisc go bhfuil riachtanais oideachasúla speisialta ag an leanbh, féadfar dul i dteagmháil leis an SENO áitiúil a bheidh in ann cabhrú leat. Gheofar na sonraí teagmhála ar shuíomh idirlín: <http://ncse.ie/seno-contact-list>.

Céim 3: Pleanáil i gcomhar leis an scoil

Beidh seans níos fearr ag an leanbh ag aistriú go scoil nua má tharlaíonn pleanáil chúramach agus ullmhúchán roimh ré. Féadfaidh tuismitheoirí, bunscoileanna agus iarbhunscoileanna a gcuid féin a dhéanamh. Do scoláirí ag a bhfuil riachtanais chasta oideachasúla speisialta, níor mhór tús a chur le pleanáil iarbhunscoile dhá bhliain nó trí roimh ré – sa 4ú nó 5ú rang sa bhunscoil.

I gcás linbh ag a bhfuil riachtanais chasta oideachasúla speisialta b'fhéidir go mbeadh gá le plean trasnaithe mar áis don aistriú go hiarbhunscoil. Beidh tú féin agus an leanbh páirteach sa ghníomh úd. Beidh baint ag daoine eile leis an bplean de réir gá, san áireamh bheadh múinteoirí ón mbunscoil is ón iarbhunscoil, síceolaí NEPS, lucht proifisiúnta a bhaineann leis an leanbh agus/nó an SENO áitiúil.

De ghnáth bíonn naisc idir iarbhunscoil agus bunscoileanna áitiúla, rud a ligeann don aistriú eolais. De ghnáth freisin bíonn teagmháil idir múinteoir an 6ú rang/acmhainne agus an iarbhunscoil chun ceangal a bhunú idir an méid a múineadh sa bhunscoil agus an pointe tosaithe maidir le hábhair áirithe.

Tá sé tábhachtach go ndéantar an pleanáil don aistriú leis an mbunscoil agus leis an iarbhunscoil.

Is minic a eagraíonn an scoil cruinniú pleanála sula dtéann scoláirí ag a bhfuil riachtanais chasta oideachasúla speisialta ar scoil. Deachleachtas is ea é sin. Ag an gcruinniú ba chóir go mbeifeá féin ann mar thuismitheoir, mar aon leis an bpríomh-oide, an múinteoir ranga dá mb'fhéidir é agus de réir gá, aon lucht proifisiúnta a bhain leis an leanbh go dtí sin.

Le linn trasnaithe, féadfaidh síceolaithe NEPS a bheith páirteach mar chomhairleoirí, iad ag plé clár aistrithe, straitéisí agus/nó idirghabhálacha eile a thacódh leis an leanbh sa phróiseas.

Ag an gcruinniú pleanála beidh seans agat an tsúil atá agat (agus ag an leanbh) don oideachas iarbhunscoile a chur in iúl chomh maith le haon imní faoi leith atá ar an leanbh fhéin. Is maith an rud é an teagmháil oscailte ionas gur féidir leis an scoil déileáil le ceistanna ar an dtoirt sula dtéann siad i bhfeidhm ar thaithí scoile an linbh.

Níor mhór eolas ar bith a chur in iúl don iarbhunscoil a bheidh mar chabhair aici chun freastal ar riachtanais an linbh. San áireamh bheadh tuairiscí cuí ó lucht proifisiúnta (m.sh. ó shíceolaithe, teiripeoirí teanga agus urlabhra, teiripeoirí ceirde agus mar sin de) ionas go dtuigeann an scoil riachtanais an linbh ó thaobh buanna, cumas agus gá de.

Do scoláirí ag a bhfuil riachtanais chasta oideachasúla speisialta níor mhór tús a chur le pleanáil iarbhunscoile dhá bhliain nó trí roimh ré.

Ba chóir do tuismitheoirí agus scoileanna eolas cuí a mhalartú mar áis phleanála do scoláirí ag a bhfuil riachtanais oideachasúla speisialta.

Ar an gcuma san beidh an scoil in ann cinneadh a dhéanamh más gá maidir le polasaí a fhorbairt do scoláire ag a bhfuil riachtanais oideachasúla nó leighis speisialta m.sh. polasaí iompair nó dáileadh cógas leighis.

Ba mhaith an rud é d'fhoireann na scoile dul i gcomhar leis an lucht proifisiúnta a bhí ag plé leis an leanbh, orthusan bheadh múinteoirí cuairte dóibh siúd atá dall/ar a bhfuil lagú radhairc nó bodhar/ar a bhfuil moill éisteachta, foireann réamhscoile, síceolaithe, teiripeoirí teanga agus urlabhra, teiripeoirí ceirde nó fisiteiripeoirí agus mar sin de. Má bhíonn aicíd ghéar leighis ar an leanbh, seans go mbeadh an scoil ag iarraidh labhairt leis an dochtúir. Lorgóidh an scoil cead uait fhéin ina leithéid de chás. Dá mba ghá d'fhéadfadh an lucht proifisiúnta úd cuairt a thabhairt ar an scoil chun oiriúnacht an tsuímh a mheas. Theastódh uait freisin a fháil amach cé a bheidh in ann teacht ar eolas próbháideach nó rúnda faoin leanbh.

Beidh an t-eolas úd ar fad mar áis mhór ag an iarbhunscoil is iad ag ullmhú plean aonair tacaíochta don leanbh. Bíonn saghsanna difriúla pleananna ann, mar shampla plean ginearálta tacaíochta, plean iompair, plean aonair foghlama, plean aonair oideachais, plean pearsanta foghlama agus mar sin de.

Mar is cuí, bheadh na gnéithe seo a leanas de riachtanais an linbh istigh sa phlean tacaíochta:

- Riachtanais fhoghlama
- Riachtanais sóisialta agus cumarsáide
- Riachtanais chúraim mar shampla éadaí, leithris, gluaiseacht agus cógas leighis
- Riachtanais cheadfaíochta mar leochaileacht maidir le gleo, tadhall, soilse
- Riachtanais fhisiciúla mar an láthair scoile a chur in oiriúint, suíocháin nó fearas eile speisialta a sholáthar. Más gá féadfaidh an scoil dul i gcomhairle le teiripeoirí ceirde agus/nó fisiteiripeoirí chun aon chur in oiriúint a shocrú.

Beidh sé soiléir sa phlean conas is féidir le tuismitheoirí dul i gcomhairle le duine faoi leith má bhíonn aon cheist nó ábhar imní acu. Is maith an rud é cur chuige dona leithéid a aontú roimh ré. Ba chóir don scoil modh a shoiléiriú chun eolas a bheidh i dtuairiscí proifisiúnta a chur ar aghaidh chuig múinteoirí.

Má bhíonn an scoil ag cur isteach ar breis tacaíochtaí don leanbh ón NCSE, lorgófar cead uait aon tuairiscí proifisiúnta cuí a chur isteach leis an iarratas. Ar na tacaíochtaí breise úd bheadh: teagasc acmhainne, córas iompair, teicneolaíocht chabhrach agus teacht ar thacaíocht ó chúntóir um riachtanais speisialta.

Seolann scoileanna iarratais leis chuig an Roinn Oideachais agus Scileanna ar fhoirgneamh scoile a chur in oiriúint, fearas speisialta agus mar sin de. Arís beidh cóipeanna tuairiscí proifisiúnta ón scoil lena seoladh leis an iarratas.

D'fhorbair an Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (NCCA) Pas Oideachais mar áis chun eolas ar scoláire a aistriú ó bhunscoil go hiarbhunscoil. Ní aistrefar an t-eolas go dtí go ndeimhníonn an iarbhunscoil go bhfuiltear tar éis an leanbh a chlárú. Gheofar breis eolais faoin bPas Oideachais ag: www.ncca.ie/en/Curriculum_and_Assessment/Early_Childhood_and_Primary_Education/Primary-Education/Assessment/Report_Card_Templates/transfer/.

San iarbhunscoil ní gá go leanfar de thacaíochtaí breise a bhí ann don leanbh sa bhunscoil. Tagann athrú ar riachtanais linbh i gcaitheamh na haimsire agus b'fhéidir go gcaithfí iadsan a mhéadú nó a laghdú chun go n-éireodh leis an leanbh san iarbhunscoil.

Mar thuismitheoir, féadfar cabhrú leis an iarbhunscoil trí:

- Socrú a dhéanamh chun na tuairiscí proifisiúnta a bhaineann leis an leanbh a sheoladh ar aghaidh chuig an iarbhunscoil, beidh siadsan uathu chun aon iarratas a dhéanamh má bhíonn an leanbh i dteideal teacht ar thacaíochtaí breise. Ar an gcuma san beidh na tacaíochtaí ann sula dtéann an leanbh ar scoil an chéad lá.
- Do thaithí féin agus eolas ar an leanbh maidir le buanna, cumas, deacrachtaí agus modhanna foghlama a chur in iúl. Bheadh an t-eolas úd an-úsáideach ar fad d'fhoireann na scoile nua a bheidh ag tosú ar phleanáil don leanbh.

Céim 4: Bí ullamh don athrú

De ghnáth bíonn formhór na scoláirí ag a bhfuil riachtanais oideachasúla speisialta ag súil le dul ar aghaidh go dtí an iarbhunscóil agus tuigtear go mbeidh deiseanna ar chaidreamh nua. É sin ráite, áfach, is fíor go bhféafaidís a bheith inmíoch freisin.

De réir taighde is iad seo a leanas na príomhchúiseanna inmí:

- Deireadh leis an gcinnteacht a bhain leis an mbunscóil, leis na múinteoirí agus leis na cairde a bhí acu ar scoil.
- Cairde nua; ag cur aithne ar na múinteoirí agus iadsan ag cur aithne orthu.
- Ag foghlaim conas réiteach le scoláirí eile ar comhaois leo agus níos sine.
- Deireadh leis an stádas sóisialta a bhí acu agus eagla na bullaíochta – táid anois ar an ndream is sine sa scoil ach is gearr go mbeifear ar an ndream is óige.
- Rialacha nua, réiteach leis an gcóras agus eagla go mbeifí i dtrioblóid.
- Ag coimeád suas leis an gcuraclam scoile.
- Eagla go mbeidh easpa tacaíochtaí san iarbhunscóil.

Bíonn ról tábhachtach ag tuismitheoirí, ag scoláirí agus ag scoileanna san ullmhú don trasnú go dtí an iarbhunscoil.

De ghnáth ullmhaíonn an múinteoir ranga na scoláirí don trasnú go dtí an iarbhunscoil agus iad sa 6ú rang. Tá ról tábhachtach ag tuismitheoirí leis. Ní mór cothromú a bhaint amach idir an ullmhú agus cur isteach air/uirthi trín iomarca béim a chur ar an scéal. Ní mór ligean do leanaí a bheith mar is dual dóibh, iad ag súgradh is ag baint sult as na laethanta saoire an tsamhraidh sula dtéann siad ar an iarbhunscoil don chéad uair. Tá roinnt smaointe faoi na cúrsaí céanna anseo thíos mar chabhair duit chun ullmhú d'aistriú a n-éireoidh leis. Mar thuismitheoir, beidh tú in ann do rogha féin a bhaint astu.

Ag brath ar riachtanais an linbh, d'fhéadfá tacú leis/léi mar a leanas:

- Déan comhrá faoin scoil, éist le pé imní a bhíonn air/uirthi agus freagair a c(h)uid ceisteanna faoin aistriú.
- Bí i láthair ag lá oscailte nó fáiltithe a eagraítear san iarbhunscoil. Bíonn roinnt tuismitheoirí leanaí ag a bhfuil riachtanais oideachasúla speisialta a théann chuig an hócáidí úd trí nó ceithre bliana sula n-aistríonn an leanbh isteach san iarbhunscoil. D'fhéadfá an scéal a fhiosrú sa scoil má tá a leithéid ar intinn agat.

- Is minic a réachtálann an scoil measúnú ar na scoláirí nua sula dtosaíonn siad ar an iarbhunoidéachais. De ghnáth ar an lá buailtear leis na múinteoirí, faightear taithí ar leagan amach an fhoirgnimh agus tá an méid sin ríthábhachtach do scoláirí ag a bhfuil riachtanais oideachasúla speisialta. Uaireanta bíonn imní orthu faoin mheasúnú. Mínígh go mbaintear leas as chun go mbeidh a fhios ag an scoil cén tacaíochtaí a bheidh riachtanach agus nach n-úsáidtear iad mar bhac ar an scoláire ag dul isteach sa scoil.
- Bíonn iarbhunscoileanna ann a eagraíonn cuairteanna scoile do scoláirí ag a bhfuil riachtanais oideachasúla speisialta le linn an téarma deiridh bunscoile nó a thairgeann gníomhaíochtaí do lucht na céad bliana sula gcuirtear tús leis an dtéarma. Má tá na roghanna sin ann spreag an leanbh ina leith. Gheobhaidh siad eolas na scoile nuair nach mbeidh an áit ag cur thar maoil le scoláirí. Beidh siad in ann a slí a dhéanamh timpeall na scoile, buailfear le scoláirí eile, cuirfear aithne ar roinnt múinteoirí agus tuigfear an córas a bhaineann le bualadh an chloig, úsáid na dtaisceadán, an gleo is an ghluaiseacht agus na rudaí a tharlaíonn le linn sosa.
- Má cheapann tú go mba chabhair í, d'fhéadfá cead a lorg grianghraif a thógáil den scoil. D'fhéadfaí iad a chur isteach in albam agus a bheith ag caint fúthu mar chleas chun teacht isteach ar an smaoineamh go mbeidh an scoil ag oscailt arís mí Meán Fómhair. Bíonn Leabhráin Trasnaithe ag scoileanna áirithe, bíonn fíistéipeanna ag cuid acu nó grianghraif ar a suíomh idirlín. Is mór an chabhair iad siúd má bhíonn gá le tacaíochtaí amhairc.

- Cabhraíonn tuismitheoirí áirithe leis an leanbh maidir le pas cumarsáide a chur le chéile a mhíníonn na rudaí is fearr agus is measa leis/léi agus na hábhair spéise. Mínítear a m(h)odhanna foghlama, cad a bhíonn deacair nó easca. D'fhéadfaí aon deacracht chéadfaíoch a mhíniú ann. Bíonn a leithéid de chóras an-úsáideach do scoláire nach labhraíonn nó ag a mbíonn deacrachtaí cumarsáide.
- Bíodh baint ag an scoláire le leabhair, éide scoile agus éadaí corpoideachais a cheannach.
- Bí ag caint leis/léi faoi fhad an lae ar scoil, oibriú an tráthchláir agus an córas iompair chun na scoile.
- I rith laethanta saoire an tsamhraidh bí ag caint go rialta faoi na rialacha nua scoile, socrúithe don P.E., an ceaintín, sos lóin, éide scoile agus an tráthchlár.

Caithfidh an tuismitheoir a bheith ullamh don athrú freisin. Má fheiceann an leanbh go bhfuil muinín agatsa as/aisti sa chúram nua seo, cabhair an-mhór is ea é sin maidir le socrú síos. De réir a chéile cuirfear le féinmhuinín ach ní tharlóidh sé seo thar oíche. Ní mór am agus foighne chuige i dtreo tacú leis an leanbh mar is cóir.

D'fhéadfadh pas cumarsáide cabhrú le leanaí ag a mbíonn deacrachtaí cumarsáide.

Eolas breise

Tá réimse acmhainní ann do thrasnú scoláirí atá sa 6ú rang. D'fhoilsigh an tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais (NEPS) trí dhoiciméad don aistriú ó bhunscoil go hiarbhunscoil agus iad ar fáil ar a suíomh idirlín ag: <http://www.education.ie/en/Schools-Colleges/Services/National-Educational-Psychological-Service-NEPS-/NEPS-Home-Page.html>

Searad atá iontu ná: próifíl aistrithe chun eolas a roinnt idir bunscoil agus iarbhunscoil; paca eolais um shonraí an linbh a chur ar aghaidh go hiarbhunscoil agus ceardlanna samplacha a bheadh úsáideach chun scoláirí a ullmhú don aistriú.

Tá leabhrán ag an tSeirbhís Tacaíochta Oideachais Speisialta (SESS) ina bhfuil straitéisí do scoláirí chun teacht isteach ar an bpatrún iarbhunscoile; chun socrú isteach agus aithne a chur ar chomhscoláirí nó chun oibriú na scoile a thuiscint. Tá an leabhrán úd ar fáil ar shuíomh idirlín an SESS ag: <http://www.sess.ie>

Tá eolas do thuismitheoirí ar fáil mar chúnamh don aistriú ag scoláirí atá sa 6ú rang.

Tá breis eolais do thuismitheoirí/caomhnóirí sna foilseacháin NCSE:

- Leanáí ag a bhfuil Riachtanais Oideachasúla Speisialta: Leabhrán Eolais do Thuismitheoirí
- Scoil a Roghnú: Treoir do Thuismitheoirí agus Caomhnóirí Leanáí agus Daoine Óga ag a bhfuil Riachtanais Oideachasúla Speisialta.

D'fhoilsigh NCSE **naoi mbileog eolais ar réimsí áirithe riachtanas oideachasúla speisialta**, a mhíníonn an tacaíocht atá ar fáil dóibh laistigh den chóras oideachais.

Cuimsíonn na bileoga eolais: míchumais ghinearálta foghlama; míchumais áirithe foghlama; deacrachtaí nó aicídí mothúcháin agus/nó iompair; míchumais fhisiciúla; dall/lagú radhairc; aicídí áirithe teanga agus urlabhra; bodhar/moill éisteachta agus an aicid speictream uathachais. Tá bileog ann freisin a mhíníonn an scéim SNA.

Tá na leabhráin agus bileoga eolais ar fáil ón SENO áitiúil nó ar shuíomh an NCSE ag <http://ncse.ie/information-booklets-pamphlets-2>.

Eagraíochtaí cabhracha

SENO NCSE:

Trín scoil nó ag:

www.ncse.ie

Ionad Sláinte:

www.hse.ie

An Roinn Oideachais agus Scileanna:

www.education.ie

**National Parents Council
(Bunoideachas):**

www.npc.ie

**National Parents Council
(Iarbhuoideachas):**

www.npcpp.ie

Special Needs Parents Association:

www.specialneedsparents.ie

Tusla:

www.tusla.ie

Seirbhís Múinteoir Cuairte:

(do leanaí atá dall/ar a bhfuil lagú
radhairc nó bodhar/ar a bhfuil moill
éisteachta)

[http://www.education.ie/en/
Parents/Services/Visiting-
Teacher-Service](http://www.education.ie/en/Parents/Services/Visiting-Teacher-Service)

